Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8768/25**

**SOC 265**
**EMPL 167**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú<br>Ceapachán Laurentina DÍAZ GIL, comhalta malartach thar ceann na Spáinne, in ionad Gloria Maria ORTEGA GONZÁLEZ, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas faoi Gloria Maria ORTEGA GONZÁLEZ a bheith éirithe as a cúram mar chomhalta malartach ar Bhord Bainistíochta an Fhorais thuasluaite i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais (thar ceann na Spáinne).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta.

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Laurentina DÍAZ GIL ainmnithe ag Rialtas na Spáinne don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle, lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú, mar a leagtar amach in 8764/25 é, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

   (b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.